

# Leathanach don Cheiliuraí

Fr Oliver Crilly

Caisleán na Firne

Co Thir Chonaill

Email olivercrilly@ymail.com

## An 1ú Domhnach den Charghas 5 Márta 2017, Bláin A

### Tús

Ullmhú don Cháisc atá sa Charghas. I gcéadta tosaigh na hEaglaise ba ullmhú don Bhaisteadh é. Bhí próiseas fada curtha i gcrích ag na Catacúimeanaigh agus tháinig sé chun foirfeachta le linn an Charghais sa dóigh is go raibh siad réidh do Shacramint an Bhaiste ag Bigil na Cásca. Tarlaonn ullmhú mar sin go fóill, go háirithe i gcás daoine fásta, ach don ghnáth-Chríostaí is ullmhú saoil atá i gceist: bímíd ag guí le linn an Charghais go mbeimid in ann ár saol a chaitheamh go hionraic ionas go mbeimid réidh leis an Cháisc a cheiliúradh mar is ceart, agus brí iomlán a bhaint as bás agus aiséirí Chríost agus maireachtál dá réir.

### Smaoineamh

Sa chéad léacht inniu tá scéal Adhaimh agus Éabha agus peaca an tSinsir: an gá le slánu.

Sa soisceáil tá Íosa an Slánaitheoir. Tugann sé a aghaidh ar chathuithe an Diabhal, ar chathú comóntha an duine daonna. Tá an trí chathú an-spéisíúil:

1. Aicearra a ghlacadh. Glacann sé próiseas fada le arán a dhéanamh: ón chruthneacht go dtí an t-oigheann, ón chuibreann go dtí an bord. Is iomaí aicearra a ghlaçann an duine daonna, gan pleann Dé a chur san áireamh.
2. Baoth-dhócháis: ár mian féin a dhéanamh, agus ag an am céanna bheith ag súil go dtiocfaidh Dia i gcaibhair orainn le sinn a shabháil inár n-ainneoin féin.
3. Cumhacht gan taise gan trócaire: tá a chomhartha sin le sonrú go forleathan i saol an lae inniu: éifeacht an chogaidh – teifigh, bochtanas, daoine gan dídean – saibhreas ag méadú agus na milliún daoine ar an ghanachuid agus ar an anás.

Bealach frith-chultúrtha bealach an Charghais, bealach an tslánaithe.

### Guí an Phobail

Táimid bailithe le chéile i láthair Íosa agus i measc na n-aingeal agus na naomh. Cuirimíodh ár nguí agus ár n-achainí os comhair Dé, ar son an hEaglaise agus ar son an domhain mhór.

1. Guímid ar ár son féin, go mbeimid in ann ár saol a chaitheamh go hionraic, agus ullmhú ceart a dhéanamh do cheiliúradh na Cásca. A Thiarna, éist linn.
2. Guímid ar son na ndaoine atá tinn nó faoi bhrú de chinéal ar bith, agus ar son a muintire agus ar son duine ar bith atá ag tabhairt aire dóibh nó atá buartha fúthu. A Thiarna, éist linn.
3. Guímid ar son na ndaoine atá ag fulaingt de bharr cogaidh nó anró. A Thiarna, éist linn.

4. Guímid ar son na marbh. (ainmneacha) Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dóibh. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna Dia, cuirimíodh na paidreacha seo os do chomhair trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna. Amen.

### Focal Scoir

Is peacach bocht mé faoi ualach trom is méid mo pheacaí is aithreach liom, ach admhaím creideamh Dé do shíor le grá óm chroí is le dóchas fior. Ó bhun na croiche glaoim suas: a Íosa, a Thiarna, claoan anuas.

ÁR BPAIDREACHA DÚCHAS, 144

\* \* \*

## An 2ú Domhnach den Charghas 12 Márta 2017, Bláin A

### Tús

Tá claoadh ionainn smaoineamh i línte díreacha, siúl ar aghaidh coiscéim i ndiaidh choiscéim eile. Ní hionann sin agus raon radhairc Dé. Bíonn achan rud i láthair Dé ag an am amháin. Agus ní hionann é agus raon radhairc na liotúirge. Bímid ag dúil leis go mbeidh cur síos ar chasán na péine agus na croise ar dtús agus ina dhiaidh sin cur síos ar ghlór an aiséirithe. Sin an leagan amach a bheadh againn ar liotúirge an Charghais. Ach ní mar sin atá: seo an dara Domhnach den Charghas, agus féach – cheana féin tá glór Chríost le feiceáil ag triúr dá dheisceabail. Réamh-ullmhúchán atá ann ar ndóighe do scannradh na Páise.

### Smaoineamh

Tá Abráhám, athair chreideamh Iosráel, agaínn sa chéad léacht inniu, agus sa soisceáil in éineacht le hÍosa tá Maois agus Éiliás agus iad ag caint leis, ag cur in iúl go bhfuil creideamh Iosráel á chomhlíonadh ag Íosa.

Léiríonn Íosa é féin faoina ghlór diaga dá dheisceabail: do Pheadar, do Shéamas agus d'Eoin. Deirtear linn i gcuid de na soisceáil go raibh Íosa ag iarráidh na deisceabail a ullmhú dá Pháis, le go dtuigfeadh siad go raibh glór an aiséirithe le fail an taobh eile de dhorchadas agus de phian an bháis. Tá sé spéisíúil gurb iad an triúr deisceabail céanna a bhí leis ar shliabh Tábor a thug sé leis mar fhinnéithe ar fhulaingt agus ar allas folára Ghairdín na nOlóig.

Dúinnt atá inár ndeisceabail ag Íosaanois, tá an teachtaireacht chéanna ag an liotúirge dúinn. Ní mór dúinn leanstan le pionós an Charghais i ndóchas ghlór na Cásca.

### Guí an Phobail

Táimid bailithe le chéile i láthair Íosa agus i measc na n-aingeal agus na naomh. Cuirimíodh ár nguí agus ár n-achainí os comhair Dé, ar son an hEaglaise agus ar son an domhain mhór.

1. Guímid ar ár son féin, go mbeimid in ann ár saol a chaitheamh go hionraic, agus ullmhú ceart a dhéanamh do cheiliúradh na Cásca. A Thiarna, éist linn.
2. Guímid ar son na ndaoine atá tinn nó faoi bhrú de chinéal ar bith, agus ar son a muintire agus ar son duine ar bith atá ag tabhairt aire dóibh nó atá buartha fúthu. A Thiarna, éist linn.
3. Guímid ar son na ndaoine atá ag fulaingt de bharr cogaidh nó anró. A Thiarna, éist linn.
4. Guímid ar son na marbh. (ainmneacha) Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dóibh. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna Dia, cuirimíodh na paidreacha seo os do chomhair trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna. Amen.

### Focal Scoir

A Íosa mhilis a d'fhulaing an Pháis ar chrannta croiche 's tú cloíte ag an bhás; ba mhór do dheacair go dtáinig an lá. Is daor a cheannaigh tú peacagh Shíol Ádhaimh.

ÁR BPAIDREACHA DÚCHAS, 399

\* \* \*

## Lá Fhéile Pádraig 17 Márta 2017

### Tús

B'fhéidir go bhfuil teachtaireacht ar leith ag scéal Naoimh Pádraig don mhuintir óg, agus fostá dá dtuismitheoirí, a bhíonn buartha fúthu amannaí. Deir Naomh Pádraig linn ina Fhaoistín go raibh an creideamh Caitliceach cailte aige, nó gur shíl sé go raibh sé cailte aige, nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois. Ach b'fhéidir gur ina chodladh a bhí an creideamh sin a seachadadh óna thuismitheoirí chuige. Nuair a bhí sé fuar deileoir ar shliabh Mis agus é ina sclábháí, deir sé linn gur 'oscail an Tiarna céadfa mo aincheiredimh' agus gur thosaigh sé athuair ag glacadh chuige creideamh a óige, agus gur thosaigh sé ag guí go dian dúthrachtach.

### Smaoineamh

In aimsir Phádraig bhí na Rómhánaigh sa Bhreatain, ach bhí oileán na hÉireann taobh amuigh de Impireacht na Róimhe. I dtuisinct an ama sin bhí Éire scaite amach ón saol mó rí sibhialta. Bhí Éire imeallach, gan tábhacht. Thogh Dia an áit imeallach seo don phleán a bhí aige don Eoraip agus don domhan mó, do na céadta bliain a bhí le teacht, do shaothar misinéireachta ní amháin san Eoraip ná sna meánoiseanna, ach lá a b'fhaide anonn san Afirc, san Oirthear chianda, agus san 20ú aois agus fiú san 21ú aois.

In aois a shé déag bhí a chreideamh cailte ag Pádraig. Déagóir gan treoir a bhí ann. Ní raibh aithne aige ar Dhia. Is ar éigin a raibh

aithne aige air féin. Ní chuirfeadh duine ciallmar ar bith muinín ann, déarfá. Mar a díúirt Seosamh Mac Grianna fá fhearr a casadh air tráth i mBaile Átha Cliath agus a raibh droch-amhras air faoi: 'Ina dhiaidh sin agus uile, char mhaith liom mo chuid airgid a chur ina bhocsa'. B'annamh an duine a chuirfeadh a chuid airgid i mbocsa Phádraig Mac Calproinn agus é ina stóicach anabáí gan creideamh gan ciall. Thogh Dia an stóicach anabáí sin, agus thug sé go dtí thír imeallach é agus go dtí cnocán fuar dearóil i dtuaisceart Éireann, agus rinne sé naomh as, agus misinéir éifeachtach.

### Guí an Phobail

Táimid bailithe le chéile i láthair Íosa agus i measc na n-aingeal agus na naomh. Cuirimid ár ngú agus ár n-achainí os comhair Dé, ar son na hEaglaise agus ar son an domhain mhóir.

1. Guímid ar son na nÉireannach go léir atá thar sáile: ar imirce, ag obair, gan paipéirí b'fhéidir, ar sheirbhís leis na Náisiún Aontaithe, nó ar oillithreacht ar son Chríost. A Thiarna, éist linn.
2. Guímid ar son na ndaoine atá tinn nó faoi bhrú de chinéal ar bith, agus ar son a muintire agus ar son duine ar bith atá ag tabhairt aire dóibh nó atá buartha fúthu. A Thiarna, éist linn.
3. Guímid ar son na ndaoine atá ag fulaingt de bharr cogaidh nó anró. A Thiarna, éist linn.
4. Guímid ar son na marbh. (ainmneach) Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dóibh. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna Dia, cuirimid na paidreacha seo os do chomhair trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna. Amen.

### Focal Scoir

Éirím inniu  
i gcumhacht na bhFlaitheas,  
i soilse gréine,  
i ngile na gealaí,  
in áilleacht tine,  
i mire lasrach,  
i luas gaoithe,  
i indoimhneacht farraige,  
i mbuanseasmhacht talún,  
i ndaingneacht carraige.  
Is leis an Tiarna an Slánú.  
Aiméan.

LÚIREACH PHÁDRAIG

\*\*\*

### An 3ú Domhnach den Charghas 19 Mártá 2017, Bliain A

### Tús

Bliain ar leith í Bliain A i liotúirge an Charghais: bliain na léacataí móra, bliain na dtéamaí arcitípeacha – solas an domhain, uisce na beatha síoraí. Bhí dúil mhór ag ár sinsir i luath-Eaglais na hÉireann i soiscéal Eoin. Céasadh Chríost as soiscéal Eoin atá greanta ar na hArdchrosa go dtí an 10ú aois. Léirítear an spúinse ar thaobh amháin d'Íosa, agus ar an taobh eile an tsleá agus an fhuil agus an t-uisce ag sileadh anuas as cliathán Chríost. I soiscéal Eoin ceanglaítear an t-uisce leis an Spiorad

Naomh: féach scéal Nicodémas i gcaibidil 3 agus an bhean ag an tobar i gcaibidil 4.

### Smaoineamh

Do chatacúimeanaigh na luath-Eaglaise, ullmhú don Bhaisteadh a bhí sa Charghas. Ar an tríú Domhnach den Charghas bhíodh an chéad cheistiú – céim thábhachtach ar an bhealach chuig Bigil na Cásca agus an Baisteadh féin. Níl amhras ach go bhfuil léachtáil Bliain A thar a bheith fóirstineach don ullmhú sin, nó i mBliain A ar an tríú Domhnach den Charghas bíonn Soiscéal na mná Samarántaigh ag Tobar Iacób, agus siombalachas an uisce: geallann Íosa di uisce na beatha síoraí.

Is sa Bhaisteadh a chomhlíonann Íosa an gheallúint sin, ní amháin don bhean úd as an tSamáir, ach dúnne go léir a baisteadh mar Chríostaithe. Bronnann sé orainn uisce na beatha síoraí; bronnann sé orainn an Spiorad Naomh. Tá comhartha álann den cheangal sin idir uisce agus an Spiorad Naomh i searmanas an Bhaiste san Eaglais inniu: chomh luath agus a bhaistear leanbh le huisce, in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spiorad Naomh, déanaimid an leanbh a ungadh ar bharr a c(h)inn le criosma – comhartha go n-ainthnímid go bhfuil an Spiorad Naomh i láthair, lonnaithe sa leanbh nua-bhaiste.

Dúinne atá baiste cheana féin, is athnuachán gheallúintí ár mbaiste a bhíonn i gceist ag Bigil na Cásca, agus ag Aifreann Dhomhnach Cásca.

### Guí an Phobail

Táimid bailithe le chéile i láthair Íosa agus i measc na n-aingeal agus na naomh. Cuirimid ár ngú agus ár n-achainí os comhair Dé, ar son na hEaglaise agus ar son an domhain mhóir.

1. Guímid ar ár son féin, go mbeimid in ann ár saol a chaitheamh go hionraic, agus ullmhú ceart a dhéanamh do cheiliúradh na Cásca.
2. Guímid ar son na ndaoine atá tinn nó faoi bhrú de chinéal ar bith, agus ar son a muintire agus ar son duine ar bith atá ag tabhairt aire dóibh nó atá buartha fúthu. A Thiarna, éist linn.
3. Guímid ar son na ndaoine atá ag fulaingt de bharr cogaidh nó anró. A Thiarna, éist linn.
4. Guímid ar son na marbh. (ainmneach) Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dóibh. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna Dia, cuirimid na paidreacha seo os do chomhair trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna. Amen.

### Focal Scoir

A Íosa, a Mhic Mhuire,  
'Aonmhic na hÓighe,  
leatsa a ním mo gheárán  
ar maidin is tráthnóna.  
Déan mo threorú ar an bhealach,  
cuir mé ar an eolas  
isteach chun na bhFlaitheas  
a chaitheamh na glóire.

ÁR BPÁIDREACHA DÚCHAS, 9

\*\*\*

### An 4ú Domhnach den Charghas

26 Mártá 2017, Bliain A

### Tús

I soiscéal an lae inniu, castar orainn an dall: fear a bhí dall ón lá a rugadh é, agus a thig os comhair Íosa ag iarraidh leighis. Sna soiscéil, nuair a gheibh dall radharc na súl, ní radharc fisiciúil amháin a bhíonn i gceist. Seasann an radharc fisiciúil ar an saol do radharc eile. Is siombal é radharc na súl do amharc ar an saol spioradálta: bheith in ann an réaltacht spioradálta a fheiceáil agus a thuisint. I mbeannacht Naoimh Fursa ón 7ú céad tugtar 'amharc mhuintir neimhe' ar an ábaltacht sin.

### Smaoineamh

Tá macalla ó scéal Chruthú an Domhain i dtús an Bhíobla sa soiscéal inniu. Mar a thóg Dia cré ón talamh le Ádhamh a chruthú, tógann Íosa cré ón talamh, déanann sé láib de le seile, agus sméarann sé an láib ar shuíle an daill lena leigheas. Shílfeá gur críochnú ghníomh an chruthaithe a bhí i gceist. Ní raibh cruthú an daill críochnaithe i gceart go dtí gur thug Íosa amharc na súl dó.

Tá an dara siombail ann sa scéal seo: siombail an uisce – siombail an Bhaiste, fiú amháin. Dúirt Naomh Ambrós uair amháin lle Críostaithe a bhí díreach tar éis Shacramint an Bhaiste: 'D'imigh sibh, nígh sibh, tháinig sibh chun na haltóra, agus chonaic sibh an rud nach raibh amharc agaibh air roimhe. Oscláodh bhur súile in Umar an Tiarna, agus trí scéal Pháis an Tiarna a chluinstin. Bhí sibh dall ó chróí roimhe, agusanois tá amharc agaibh ar an solas.'

### Guí an Phobail

Táimid bailithe le chéile i láthair Íosa agus i measc na n-aingeal agus na naomh. Cuirimid ár ngú agus ár n-achainí os comhair Dé, ar son na hEaglaise agus ar son an domhain mhóir.

1. Guímid ar ár son féin, go mbeimid in ann ár saol a chaitheamh go hionraic, agus ullmhú ceart a dhéanamh do cheiliúradh na Cásca. A Thiarna, éist linn.
2. Guímid ar son na ndaoine atá tinn nó faoi bhrú de chinéal ar bith, agus ar son a muintire agus ar son duine ar bith atá ag tabhairt aire dóibh nó atá buartha fúthu. A Thiarna, éist linn.
3. Guímid ar son na ndaoine atá ag fulaingt de bharr cogaidh nó anró. A Thiarna, éist linn.
4. Guímid ar son na marbh. (ainmneach) Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dóibh. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna Dia, cuirimid na paidreacha seo os do chomhair trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna. Amen.

### Focal Scoir

A Íosa, a Mhic Dháiví,  
a thug dúinn amharc ar an lá;  
go mbeire tú ár n-anam leat slán  
go Cathair na nGrást.

ÁR BPÁIDREACHA DÚCHAS, 12